



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 - 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN, 2.00 - 4.50

### *Treoracha d'iarrthóirí:*

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den cheist seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.

Freagair topaic amháin ón roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic ón roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD- BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 –1603**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Baile Átha Cliath faoi Eilís.***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén fáth, dar le doiciméad A, go bhfuil Baile Átha Cliath “taitneamhach ar gach taobh”?  
(b) Faoi mar a deirtear i ndoiciméad A, cad iad na slite ina bhfuil Baile Átha Cliath níos fearr ná gach cathair agus baile eile?  
(c) Dar le doiciméad A, cén áit ina mbíonn margaí Bhaile Átha Cliath agus cad a insíonn siad dúinn mar gheall ar mhuintir na cathrach?  
(d) Dar le doiciméad B, cén obair is gá a dhéanamh ag Cé an Adhmaid?  
(e) Dar le doiciméad B, cé a bheadh freagrach as an obair seo a dhéanamh?  
(40)
2. (a) Ainmnigh dhá rud a luaitear i ndoiciméad A nach luaitear i ndoiciméad B.  
(b) An bhfuil tú ar aon aigne leis an tuairim go dtugann doiciméad A cuntas níos fabhrach ar Bhaile Átha Cliath ná mar a thugann doiciméad B? Mínigh do fhreagra agus tagairt á déanamh agat don dá dhoiciméad.  
(20)
3. (a) An foinsí príomha nó foinsí tánaisteacha an dá dhoiciméad, A agus B? Tabhair cúis le do fhreagra.  
(b) An bhfuil tú ar aon aigne leis an tuairim gur gá do staraí an dá dhoiciméad, A agus B, a úsáid chun léargas cothrom a fháil ar Bhaile Átha Cliath i réimeas Eilíse? Mínigh do fhreagra.  
(20)
4. Cén fáth go raibh tionchar ag galair agus ag cogaíocht ar Bhaile Átha Cliath i réimeas Eilíse agus conas a bhí an tionchar sin le sonrú?  
(20)

– Doiciméad A –

**Richard Stanihurst, fear as Bhaile Átha Cliath, ag cur síos ar a chathair dhúchais (1577)**

Tá an chathair seo níos fearr ná aon chathair nó baile mór eile in Éirinn, maidir le foirgnimh ghleoite agus le líon na ndaoine atá inti.

Tá suíomh na cathrach taitneamhach ar gach taobh. Dá mba mhian leat dul trasna na genoc, níl siad i bhfad uait. Má chuireann fíoruisce áthas ort, tá abhainn cháiliúil na Life ag sníomh taobh leat. Más mian leat radharc a fháil ar an bhfarraige, tá sé os do chomhair amach.

Is léir ó na margaí a bhíonn ann ar an gCéadaoin agus ar an Aoine go bhfuil muintir na cathrach go maith as. Bíonn raidhse feola agus arbhair sna margaí céanna.

*Sliocht leasaithe as téacs le C. Maxwell, 'Irish History from Contemporary Sources'.*

– Doiciméad B –

**An bhliain ina dhiaidh sin (Lúnasa 1578), thug ceannairí na cathrach na horduithe seo a leanas:**

Na sean-longa agus na báid atá caite ag Cé an Adhmaid, tógfar amach as an áit sin iad agus is iad na húinéirí a bheidh freagrach as sin a dhéanamh.

Agus an salachar atá bailithe ann déantar é a chaitheamh in airde ar an gcé.

*Sliocht leasaithe as téacs le J Bardon agus S Conlin, 'Dublin: One Thousand Years of Wood Quay'.*

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as na horduithe ríoga (28/4/1556) le haghaidh phlandáil Laoise agus Uíbh Fhailí. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is mian linn go roinnfí Laois agus Uíbh Fhailí isteach i gcontaetha agus go ndéanfaí na contaetha a roinnt isteach i mbailte ceantair, i mainéir agus i mbarúntachtaí agus isteach i bparóistí má bhíonn eaglaisí iontu.*

*Is mian linn chomh maith – dá ngéillfeadh muintir Diomsaigh, Uí Mhórdha agus Uí Choncubhair – go roinnfí na contaetha seo i dtrí chuid eatarthu; agus go n-íocfaidís sin 2 phingin an acra. Agus go mbeadh an talamh le hoidhreacht ag na tionóntaí uathu sin agus óna gcuid oidhrí fireanna.*

*Agus iad sin go mbeidh an talamh acu go mbeadh siad faoi údarás ag ár gcuid dlíthe comónta agus go ndéanfaidís freastal orainn ar a gcostas féin mar ba chóir do ghéillsinigh mhaithe a dhéanamh. Sliocht leasaithe as téacs le C. Maxwell, ‘Irish History from Contemporary Sources’.*

1. Cén phlandáil atá á pleanáil?
2. Conas a dhéanfar na contaetha a roinnt?
3. Cad a bhí le déanamh ag na bundúchasaigh Éireannacha sula nglacfaí leo mar thionóntaí?
4. Cén tairbhe a bheadh ann d’oidhrí fireanna na mbundúchasach Éireannach?
5. Cén chaoi a gcaithfeadh na bundúchasaigh Éireannacha seirbhís a thabhairt don choróin ‘mar ba chóir do ghéillsinigh mhaithe a dhéanamh’?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Reibiliún Thomás an tSíoda.
2. Parlaimint (an Reifirméisin) na bliana 1541.
3. Mná agus pósadh faoi dhlíthe na nGael.
4. Mánus Ó Domhnaill.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar éirigh Gearóid Mór agus Gearóid Óg chomh cumhachtach sin in Éirinn, 1494 – 1534?
2. Cad a bhí i bpolasaí géilleadh agus athbhronnadh agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis?
3. Cén ról a bhí ag an Ardeaspag George Browne agus/nó ag an Ardeaspag George Dowdall i gcúrsaí na hÉireann i rith na tréimhse seo?
4. Cén tábhacht a bhain le scoileanna na mBard?

**An ríocht in aghaidh coilíneachta: an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tuairim ealaíontóra is ea Pictiúr X **ar leathanach 15** atá bunaithe ar fhothrach Chaisleán Mhóin Fhia atá ann fós i gContae Fhear Manach. Ba le plandóir Albanach an caisleán. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

1. Cén áit ina raibh Caisleán Mhóin Fhia agus cé a thóg é?
2. An bhfuil Caisleán Mhóin Fhia ann fós? Mínigh do fhreagra.
3. Déan cur síos ar an mbán.
4. Cén fhianaise a bhaineann le plandáil atá le feiceáil sa taobh tíre thart ar Chaisleán Mhóin Fhia?
5. An mbeifeá ar aon aigne leis an tuairim gur tógadh Caisleán Mhóin Fhia le compord chomh maith le slándáil i gceist? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Richard Boyle, 1ú hIarla Chorcaí.
2. Na Ceithre Máistrí.
3. Piaras Feiritéar.
4. Eilís de Buitléir, Ban-diúc Urmhumhan.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar cuireadh Plandáil Uladh i bhfeidhm agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis?
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Thomas Wentworth, Iarla Strafford, mar Fhear Ionaid an Rí in Éirinn, 1632 – 1641?
3. Cén pháirt a ghlac Eoin Rua Ó Néill i stair na hÉireann?
4. Cén chaoi ar chuir Louvain le cultúr agus le reiligiún in Éirinn?

*Éire: Topaic 4*  
**Cinsealacht choilíneachta a bunú, 1660-1715**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo as tuarascáil a chuir Seán Ó Braonáin, Ardeaspag Caitliceach Chaiseal, go dtí an Vatacáin (9/11/1687). Sa sliocht, molann sé Séamas II agus a Fhear Ionaid, Risteard Talbot, Iarla Thír Chonaill. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Caitlicigh is mó atá san arm aige. An Chomhairle Ríoga i mBaile Átha Cliath, Caitlicigh a bhformhór. Na hoifigigh shibhialtacha, breithiúna agus giúistísí, Caitlicigh an chuid is mó díobh.*

*Is féidir leis na heaspaig agus na sagairt a gcuid éadaí eaglasta a chaitheamh go príobháideach agus go poiblí. Na hoird rialta – go háirithe na Proinsiasaigh agus na Doimnicigh – téann siad timpeall agus a gcuid aibídí rialta á gcaitheamh acu.*

*Na Caitlicigh sa ríocht seo, tá dóchas acu go dtabharfar breis faoisimh dóibh fad is beo don rí glórmhar seo agus dá aire díograiseach.*

W. A. Maguire, 'Kings in Conflict'.

1. Cé a scríobh an tuarascáil? Cé chuige a raibh sé ag scríobh?
2. Cén post a bhí ag Risteard Talbot, Iarla Thír Chonaill?
3. Ainmnigh dhá réimse ina raibh méadú tagtha ar chumhacht na gCaitliceach.
4. Cén chaoi ar bhain an chléir Chaitliceach tairbhe as?
5. Cén chaoi a ndéanann an t-údar cur síos ar an rí agus ar a aire agus cad a cheapann na Caitlicigh Éireannacha go bhfaighidh siad uathu?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Baile Átha Cliath i rith na hAthghairme.
2. Samuel Louis Crommelin.
3. Na Filí Seacaibíteacha.
4. Teacht chun cinn na heolaíochta in Éirinn.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Séamas de Buitléir, an Chéad Diúc Urmhumhan, mar ionadaí ríoga in Éirinn?
2. Cén tábhacht a bhain le Parlaimint na bliana 1689?
3. Cén pháirt a ghlac Pádraig Sáirséil i gcúrsaí na hÉireann?
4. Na dlíthe i gcoinne na gCaitliceach in Éirinn i ndeireadh an 17ú haois agus san 18ú haois, cén tionchar a bhí acu ar ghníomhréim Oilibhéir Pluincéad?

Coilíneacht in aghaidh ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Fógraí is ea iad seo a d’fhoilsigh na Buachaillí Bána i dTiobraid Árann i 1762. Déan staidéar orthu agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

*Muidne, lucht díoltais ar na héagóracha atá á n-imirt ar na bochtáin, táimid tar éis teacht le chéile chun scriosadh a dhéanamh ar na fallaí agus na claitheacha a tógadh timpeall ar choimín.*

*‘Siobhán Meiscil’, tugann sí rabhadh gan daoine bochta atá i ndeireadh a léasa a dhíshealbhú chun bulláin a chur ar an talamh ina n-áit.*

*Maidir le beithígh a mharú, rinneadh é sin chun eagla a chur ar ghrasaeirí stoc ionas go nglacfaidís leis na héilimh chóra atá á ndéanamh ag na daoine bochta.*

In eagar ag W. Nolan, ‘Tipperary: history and society’.

1. Cé a d’fhoilsigh na fógraí? Cén áit? Cathain?
2. Cad a dhéanfar aon áit ina ndúnfar coimín?
3. Ainmnigh cleachtas amháin go dtugann “Siobhán Meiscil” rabhadh mar gheall air.
4. Cén chaoi a gcuirfear eagla ar ghrasaeirí stoc?
5. Mínigh ceann amháin díobh seo a leanas: coimín; léasanna; grasaeirí stoc.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Cúirteanna Filíochta.
2. Turlach Ó Cairealláin.
3. Margaret (Peg) Woffington.
4. Charles Lucas.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac muintir Ponsonby i gcúrsaí na hÉireann?
2. Cad a bhí i ‘Wood’s halfpence’ agus cén tslí a phléigh an Déan Swift leis?
3. Cad a tharla ag triail an Athar Nioclás Mhic Síthigh agus cad a deir sé sin linn faoi Éirinn na linne sin?
4. Cén rud a rinne Arthur Guinness ar son gheilleagar na hÉireann?

*Éire: Topaic 6*  
**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Cartún ar a dtugtar ‘Éireannaigh Aontaithe ag traenáil’ atá i bpictiúr Y **ar leathanach 15**. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. Cén ghluaiseacht pholaitiúil is ábhar don chartún?
2. Ainmnigh trí ghléas troda a thaispeántar sa chartún.
3. Tá an fear sa lár armtha go maith. Cé atá á ionsaí aige?
4. Ón dealramh atá ar na daoine sa chartún, cad atá le foghlaim againn i dtaobh dhearcadh an chartúnaí mar gheall orthu?
5. Cén fáth go bhfuil “True French Spirit” fógartha os cionn an dorais?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Baile Átha Cliath i dtréimhse na Seoirseach.
2. Eibhlín Dhubh Ní Chonaill.
3. Bunú an Oird Oráistigh.
4. Wolfe Tone.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

1. Cén tábhacht a bhain le Parlaimint Grattan, 1782-1800?
2. Cén chaoi ar chuidigh John Fitzgibbon agus an Tiarna Castlereagh le hAcht an Aontais?
3. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhá Nuad (1795) agus cén tábhacht a bhain leis?
4. Cén fáth gur éirigh chomh maith sin leis an ngeilleagar i gcathair Bhéal Feirste ag an am seo?



**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as an dá thopaic a roghnaíonn tú thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo as rialacha eaglasta ón nGinéiv le linn do Calvin a bheith ann. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Má bhíonn seanmóireacht ann i rith laetheanta na seachtaine, caithfidh gach éinne gur féidir leis/léi freastal air – muna mbíonn leithscéal maith acu – mar sin ar a laghad ba chóir do dhuine amháin as gach teach a bheith i láthair.*

*Iad sin go bhfuil seirbhísigh acu, idir fhir is mhná, tabharfaidh siad leo iad nuair is féidir ionas nach mbeidh siad ag maireachtáil gan teagasc ar nós ainmhithe.*

*Má thagann éinne i ndiaidh thús na seanmóire, tugtar rabhadh dó muna gcuireann sé feabhas air féin, íocadh sé trí sous mar fhíneáil.*

*Dúnfar na heaglaisí ach amháin nuair a bheidh seirbhísí iontu ionas nach bhféadfadh éinne dul isteach iontu ag amanta eile ar chúiseanna a bhaineann le piseoga.*

J.H.Robinson (in eag) ‘Readings in European History, II’.

1. Cé a thosaigh an reiligiún seo agus cá raibh a cheanncheathrú?
2. Cé hiad sin a chaithfidh freastal ar an eaglais i rith na seachtaine?
3. Cén tairbhe a bhainfidh na seirbhísigh as freastal ar an eaglais?
4. Cén chaoi a gcaitear leo sin a thagann déanach?
5. Cén fáth go mbíonn na heaglaisí dúnta ach amháin nuair a bhíonn seirbhísí ar siúl?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Forbairt na clódóireachta.
2. Niccolò Machiavelli.
3. Michelangelo Buonarroti.
4. An choimhlint in aghaidh na dTurcach.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Christopher Columbus i bhfionnadh an Domhain Nua?
2. Cén fáth go ndearna Anraí VIII colscaradh ó Chaitríona Aragón, agus cad iad na torthaí a bhí air?
3. Cén chaoi ar chuidigh Desiderius Erasmus leis an Renaissance agus/nó leis an Reifirméisean?
4. Cén pháirt a bhí ag Martin Luther sa Reifirméisean sa Ghearmáin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Seo iad na ciondálacha seachtainiúla a bhí acusan a bhí páirteach i bhfeachtas Armáid na Spáinne. Déan staidéar orthu agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**SPÁINNIGH**

*In aghaidh an lae*       $1\frac{1}{2}$  punt briosaí nó 2 phunt aráin úir  
 $1\frac{1}{3}$  pionta fiona nó 1 pionta fhíon Candia a bhí níos láidre  
3 phionta uisce do gach gnó

*Domhnach agus Déardaoin: 6 unsa bagúin agus 2 unsa ríse*

*Luan agus Céadaoin: 6 unsa cáise agus 3 unsa pónairí nó píseánach*

*Céadaoin, Aoine agus Satharn: 6 unsa iasc (tuinnín nó trosc, agus muna mbeadh fáil air, 6 unsa scuid nó 5 shairdín)*

*3 unsa pónairí nó píseánach,  $1\frac{1}{2}$  unsa íle agus  $\frac{1}{4}$  pionta fínéagair.*

**SASANAIGH**

*Domhnach, Máirt agus Déardaoin: 1 punt briosaí, 1 galún beorach, 2 punt mairteola, 4 unsa cáise agus*

*2 unsa ime.*

*Céadaoin, Aoine agus Satharn: 1 punt briosaí, 1 galún beorach, aon cheathrú iasc tirim nó an t-ochtú cuid de langa, 4 unsa cáise agus 2 unsa ime.*

*Luan: 1 punt bagúin, 1 pionta píseanna, 4 unsa cáise agus 2 unsa ime.*

C. Martin agus G. Parker, 'The Spanish Armada'.

1. Cén feachtas lena mbaineann na ciondálacha seo?
2. Cén tír a bhí faoi ionsaí agus cén tír a bhí á ionsaí i rith an fheachtais?
3. Ainmnigh dhá ábhar bia a fuair na Sasanaigh agus na Spáinnigh araon.
4. Ainmnigh dhá ábhar bia nó dí a fuair na Sasanaigh agus nach bhfuair na Spáinnigh.
5. Tabhair cúis amháin gur theip ar fheachtas na Spáinneach.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Rudolf II agus an Impireacht Naofa Romhánach.
2. Catherine de Medici.
3. Tycho Brahe.
4. Teacht chun cinn Moscóive.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna agus cad iad na héachtaí a bhain le misean na nÍosánach sa tSín?
2. Cad iad na hiarmhairtí eacnamaíochta a bhí ag meathlú chalafort Antwerp?
3. Cad iad na héachtaí a bhain le Sasana i rith réimeas Eilís I?
4. Cén chaoi ar chuidigh Liam Tostach le hÉirí Amach na hÍsiltíre i gcoinne na Spáinneach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht seo a leanas le hImpireacht na hOllainne san Áis. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Nuair a ghabh Jan Pieterzoon Coen na hoileáin Banda i 1621, roinn sé an talamh idir seirbhísigh Chomhlacht na nIndiacha Thoir. Gheall siad sin (na seirbhísigh) go ndíolfaidís na spíosraí go léir a d'fhásfaí leis an gComhlacht ar phraghas a shocródh sé sin.*

*Sa bhliain 1647 cuireadh trúpaí go dtí Oileán Amboina sna Moluccas chun crainn chlóbh a ghearradh anuas chun na praghasanna a choinneáil ard.*

*Sa bhliain 1657 cuireadh iachall ar Shultan Ternate cosc a chur le fás spíosraí ar oileáin a bhí faoina smacht, rud a d'fhág an monaplacht ag na hOllannaigh.*

*Chomh maith le spíosraí ó na hIndiacha Thoir, d'éirigh leis na hOllannaigh forlámhas a fháil ar shíoda na Peirse, cinamon ón tSiolóin, éadach ón India, siúcra agus cria-earraí Síneacha agus copar ón tSeapáin.*

Bunaithe ar V.H.H. Green, 'A Survey of European History'.

1. Cad a rinne Coen nuair a ghabh sé Oileáin Banda?
2. Cén chaoi ar chosain Coen leasanna Chomhlacht na nIndiacha Thoir?
3. Cén fáth ar gearradh anuas na crainn chlóbh a bhí ar Oileán Amboina?
4. Cad a tugadh ar Shultan Ternate a dhéanamh agus cén fáth sin?
5. Cés moite de spíosraí na nIndiacha Thoir, ainmnigh trí earra eile go raibh forlámhas ag na hOllannaigh orthu.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Albrecht von Wallenstein.
2. Ceol agus/nó ealaín ón tréimhse bharócach.
3. Marie de' Medici.
4. Hugo Grotius.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh na Catalónaigh amach agus cén toradh a bhí ar an éirí amach sin?
2. Conas ar phléigh an Chúistiúnacht le Galileo?
3. Cén chaoi ar chuir Richelieu an chumhacht ríoga ar aghaidh sa Fhrainc?
4. Cén chaoi ar chuir impireacht na hOllainne san Áis le geilleagar na hOllainne?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo as **Cuimhní cinn** an Diúic San Simon ar ghnáthamh Louis XIV go luath ar maidin i Versailles. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Ag a hocht a chlog dhúisigh an príomh-ghiolla an Rí. Chuaigh an príomh-dhochtuir, an príomh-mháinlia agus an banaltra, chuaigh an triúr acu isteach sa seomra i dteannta a chéile. Phóg an banaltra an Rí. Ba mhinic go n-athraíodh an bheirt eile a léine mar ba gnáthach leis a bheith ag cur allais go mór.*

*Thug an seomradóir a róba gléasta chuige. Láithreach bonn ina dhiaidh sin chuaigh cúirteoirí pribhléideacha eile isteach. Agus ansin isteach le gach éinne, díreach in am chun an Rí a fheiceáil ag cur a bhróga agus a stocáí air, mar rinne sé beagnach gach rud é féin. Gach dara lá chonaiceamar é á bhearradh féin.*

*Agus a luaithe is a bhí sé gléasta, ghuigh sé chun Dé. Ina dhiaidh sin chuaigh an Rí isteach ina sheomra caibinéid. Istigh sa seomra sin bhí gach duine a raibh aon phost oifigiúil aige/aici. Thug sé orduithe do gach duine ar leith acu don lá.*

R. P. Stearns (in eag) ‘Pageant of Europe’.

1. Cén rí atá i gceist sa sliocht agus cén áit ina raibh a phalás?
2. Ainmnigh dhá oifigeach a chuaigh isteach i seomra an rí gach maidin.
3. Cad a tharla tar éis don rí dul isteach ina sheomra caibinéid?
4. Cén fáth go ndéantar tagairt do bhaill áirithe sa chúirt mar “cúirteoirí pribhléideacha”?
5. Go hachomair, cén sórt dearcadh atá ag an scríbhneoir maidir leis an rí?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht chun cinn Brandenburg faoi Frederick Liam.
2. John Sobieski.
3. Turnamh mhonarcacht na Stíobhard i Sasana, 1688.
4. An Turas Mór.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén chaoi ar chuir Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz cúis na heolaíochta chun cinn?
2. Cén chaoi ar láidriugh Louis XIV cumhacht an Rí sa Fhrainc?
3. Cad iad na leasuithe a thug Peadar Mór isteach sa Rúis?
4. Cén chaoi ar chuir Comhlacht na nIndiacha Thoir le geilleagar Shasana?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Cuntas is ea é seo ar an Boston Tea Party ó dhuine a ghlac páirt ann. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí an tráthnóna ann faoin am seo, agus ghléas mé mé féin mar a bheadh Indiach cóirithe le tua agus cleith (bata mór) i mo lámh agam. Tar éis dom m'aghaidh agus mo lámha a phéinteáil le dusta guail i gceárta ghabha, chuaigh mé go Cé Griffin, áit a raibh na longa go raibh an tae ar bord acu.*

*Nuair a shroicheamar an ché, roinn ár gceannairí muid i dtrí ghrúpa, sa gcaoi go bhféadfaimis na trí long a bhordáil ag an am céanna. An ceannfort a bhí ar an ngrúpa lenar bhain mise, thug sé ordú dom dul go dtí an captaen agus na heochracha a bhain leis na haistí a éileamh air chomh maith le dosaen coinnle. Rinne sé amhlaidh ach d'iarr sé orm gan aon díobháil a dhéanamh don long ná don rigín seasta.*

*Ordaíodh dúinn ansin na haistí a oscailt agus na cófraí tae go léir a thógáil amach agus iad a chaitheamh san fharraige. Dheineamar amhlaidh ach i dtosach scoilteamar na boscaí lenár gcuid tuanna sa chaoi go mbeadh an saíle ábalta iad a mhilleadh.*

S. Ambrose agus D. Brickley, 'Witness to America'.

1. Cad a bhí á chaitheamh ag an scríbhneoir agus cad iad na hairm a bhí aige ina lámh?
2. Chuir an scríbhneoir dubh ar a aghaidh agus ar a lámha. Cén áit agus cén chaoi ina ndearna sé é sin?
3. Cén fáth, dar leat, gur bhordáil na fir go léir na longa ag an am céanna?
4. Cén rud a d'éiligh an scríbhneoir ar an gcaptaen, agus cad a rinne an captaen?
5. Cén freagra a bhí ag na Briotanaigh ar an Boston Tea Party?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Leasuithe Maria Theresa.
2. Robert Clive.
3. Diúc Bridgewater
4. An Encyclopédie.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na leasuithe a thug Cairtriona Mhór isteach agus cén fáth go rabhadar chomh tábhachtach sin?
2. Cad iad na héachtaí ba mhó a rinne Frederick Mór, Rí na Prúise, sa bhaile agus thar lear?
3. Conas a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis na hathruithe a tharla sa tréimhse inar mhaireadar:  
Voltaire; Rousseau; Benjamin Franklin?
4. Cén pháirt a bhí ag plandálacha na sclábhaithe sna hIndiacha Thiar i dtrádáil idirnáisiúnta?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht é seo as ráiteas ó Choiste na Slándála Poiblí mar gheall ar na baoil a bhí le sárú ag an gCoiste. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá baoil nua ann don tsaoirse. Na sluaite atá ag lorg ime, tá siad níos líonmhaire agus níos corraithe ná riamh, cé gur beag cúis ghearáin atá acu. Bhí baol ann go dtarlódh réabhlóid sa phríosún inné. Agus tá uisce faoi thalamh ar siúl.*

*Tá baint aige seo go léir leis na hiarrachtaí a rinneadh go minic baill de Choiste na Slándála Poiblí a mharú.*

*Tá eagla orainn go n-éireoidh na huaisle amach mar rud marfach a bheadh ann don tsaoirse. Páras an baol is mó.*

*Is den riachtanas é go ndéanfadh an Coiste tuairimí agus fuinneamh a chuid ball a aontú.*

L.W. Cowie, 'Documents and Debates: Eighteenth Century Europe'.

1. Bhí baol ann go dtarlódh rud éigin an lá roimhe sin. Cad é sin?
2. Cén baol a bhí ann do bhaill Choiste na Slándála Poiblí?
3. Dar le halt a ceathar, cad ba chóir don Choiste a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na baoil a bhí ag bagairt air?
4. An raibh bá ag an scríbhneoir leis na sluaite a bhí ag lorg ime? Mínigh do fhreagra.
5. Cén baol a bheadh in "éirí amach na n-uaisle" do Choiste na Slándála Poiblí, dar leat?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Bunrecht Mheiriceá (1789).
2. Tom Paine.
3. Madame de Staël.
4. Ludwig van Beethoven.


C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a bhí Louis XVI freagrach as Réabhlóid na Fraince a bheith ann?
2. Cén chaoi a raibh tionchar ag réimeas Napoleon ar an bhFrainc?
3. Cad iad na príomh-chúiseanna a bhí le turnamh Napoleon, 1812-1815?
4. Conas a d'fhás Manchain agus cén chaoi a raibh tionchar ag an bhfás sin ar na daoine a bhí ina gcónaí ann suas go dtí 1815?

X



(R.F. Foster (eag.) *The Oxford Illustrated History of Ireland*)



(*Tógtha as Foley agus Enright, 'A Changing World'*)

Y

# **Leathanach Bán**